



Ollscoil Mhá Nuad

Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil Leas-Stiúrthóir TEG (Post ar Chonradh Trí Bliana)

An Ról

I bhfianaise na bhforbairtí eile atá beartaithe againn, tá Lárionad na Gaeilge ag lorg duine cruthaitheach tionscanta mar Leas-Stiúrthóir TEG ar chonradh trí bliana. Oibreoidh an té a cheapfar le Stiúrthóir agus foireann TEG leis na dualgais agus na cúraimí seo a leanas a chomhlíonadh:

- Gach gné de scríobh, riar agus ceartú na scrúduithe
- Dearadh agus soláthar cúrsaí oiliúna do scrúdaitheoirí cainte
- Obair mhonatóireachta agus obair chaighdeánaithe ar na scrúduithe
- Plé leis an Association of Language Testers in Europe (ALTE) agus le heagraíochtaí teanga agus teagasc eile in Éirinn agus thar lear
- Tionscadail taighde

Riachtanach:

- Ardchaighdeán Gaeilge idir labhairt agus scríobh - TEG C1 (nó a chomhionann)
- Cáilíocht iarchéime sa teangeolaíocht fheidhmeach nó in ábhar gaolmhar
- Tuiscint ar earnáil an aosoideachais agus an ardoideachais
- Ardscileanna eagrúcháin, ríomhaireachta, cumarsáide agus idirphearsanta
- Cur chuige tionscanta agus cruthaitheach
- Tuiscint mhaith ar earnáil na Gaeilge
- Tuiscint agus taithí ar chórais agus ar riar scrúduithe
- Taithí ar chúrsaí poiblíochta agus margaíochta

Inmhianaithe

- Taithí ar an tástáil teanga
- Ceadúnas glan tiomána

An Ollscoil

Bunaíodh Ollscoil Mhá Nuad (Ollscoil na hÉireann, Má Nuad) go foirmiúil mar ollscoil uathrialaitheach i 1997, ach téann a cuid fréamhacha siar chomh fada le bunú Choláiste Ríoga Naomh Pádraig i 1795, rud a fhágann go bhfuil breis is 200 bliain ar a cúl aici de thiomantas don oideachas agus don scoláireacht. Is ollscoil í Ollscoil Mhá Nuad a bhfuil seasamh idirnáisiúnta aici sa lá atá inniu ann, agus



a bhfuil cáil uirthi as feabhas agus as luach a cuid taighde agus a cuid scoláireachta, as a tiomantas don sártheagasc, as sárspéireas foghlama a sholáthar dá 12,000 mac léinn agus mar thimpeallacht choláisteach ar leith chun tabhairt faoi shaothar scolártha. Tá céim nua, spreagúil dá cuid forbartha tosaithe faoi Phlean Straitéiseach na hOllscoile 2018-22, chun cáil idirnáisiúnta Ollscoil Mhá Nuad a dhaingniú 'mar ollscoil a bhfuil clú uirthi as a sártheagasc, a sárthaighde, a dearcadh domhanda, a páirtíocht éifeachtach leis an tsochaí a ndéanann sí freastal uirthi, agus a sainchur chuige maidir leis na dúshláin atá roimh an ardoideachas nua-aimseartha'.

Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Taighde

Is aonad de chuid Scoil an Léinn Cheiltigh é Lárionad na Gaeilge, a tháinig in áit Ionad na dTeangacha agus atá ag tógáil ar an obair cheannródaíoch atá déanta san Ionad le breis is fiche bliain. Is é misean Lárionad na Gaeilge ná teagasc agus oiliúint teanga ar ardchaighdeán a chur ar fáil, a fhreagraíonn d'athruithe i gcomhthéacs an oideachais san Ollscoil féin, sa phobal a bhfreastalaíonn an Ollscoil air agus ar bhonn idirnáisiúnta. Chomh maith le bheith freagrach as teagasc na teanga do mhic léinn fochéime na hOllscoile, déantar freastal ar fhoghlaimoirí Gaeilge lánfhásta in Éirinn agus thar lear. Mar aon le scrúduithe Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) a riar, cuireann an Lárionad sainchúrsa páirtaimseartha ar fáil: An Dioplóma Iarchéime / MA san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht (Ar Líne), atá dírithe ar dhaoine atá ag iarraidh barr feabhais a chur ar a gcuid scileanna teanga, agus scileanna aistriúcháin agus eagarthóireachta a fhoghlaim.

Cuirfear cúrsa nua oiliúna do mhúinteoirí Gaeilge ar fáil ar líne ó Mheán Fómhair 2020, cúrsa praiticiúil a chuirfidh oiliúint ar mhúinteoirí maidir leis na modhanna múinte is nuálaí agus is éifeachtaí sa seomra ranga teanga. Cuirtear Vifax don Ghaeilge – córas foghlama Gaeilge bunaithe ar nuacht TG4, a mbíonn suas le 83,000 amas aige sa bhliain – ar fáil gach seachtain i rith na scoilbhliana. Tá an taighde ar fhoghlaim agus ar theagasc na Gaeilge ina chrann taca d'obair an Lárionaid. Faoi láthair, tá taighde idir lámha againn ar chaighdeán na ndaltaí a bhaineann amach marcanna áirithe sa Ghaeilge san Ardeistiméireacht, ar an teangeolaíocht chorpais agus cúrsaí measúnachta, ar inniúlacht na mac léinn céime sa Ghaeilge labhartha agus scríofa, agus ar an ilteangachas.

Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG)

Is i Lárionad na Gaeilge a dhéantar scrúduithe TEG a riar - scrúduithe agus cáilíochtaí Gaeilge do dhaoine fásta a reáchtáiltear gach bliain ar fud na hÉireann agus in ionaid thar lear. Faoi láthair, tá córas TEG á úsáid i réimse leathan institiúidí oideachais agus eagraíochtaí a bhíonn ag lorg dearbhú neamhspleách maidir le cumas sa Ghaeilge. I mí na Samhna 2018, d'fhógair an Roinn Oideachais agus Scileanna go gcuirfí scrúdú cainte TEG B1 ar dhaoine a bhíonn ag iarraidh cur isteach ar an Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) atá á reáchtáil ag na ceithre choláiste oideachais stáit.

Tá scrúduithe TEG déanta ag beagnach 7,000 duine go dtí seo in Éirinn agus thar lear. I ndiaidh próiseas iniúchta uileghabhálach, bhronn ALTE (Association of Language Testers in Europe) an Q-Mharc ar scrúduithe TEG in 2016 mar dhearbhu ar ardchaighdeán an chórais.

Comhionannas agus Éagsúlacht

Is mór ag Ollscoil Mhá Nuad an saibhreas a thagann de bharr éagsúlacht i bpobal na hollscoile, agus cuirimid romhainn an comhionannas a chur chun cinn, an leithcheal a chosc agus cearta daonna gach duine a chosaint. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir lenár dtiomantas don Chomhionannas agus don Éagsúlacht, léigh [Beartas Comhionannais agus Éagsúlachta](#) Ollscoil Mhá Nuad. Chomh maith leis sin, táimid tiomanta don chomhionannas inscne a chur chun cinn ar fud na hollscoile agus bronnadh [Gradam Cré-Umha Athena Swan](#) orainn mar gheall air sin.



Tá sé d'aidhm againn éagsúlacht an phobail ar a bhfuilimid ag freastal a léiriú agus cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine.

An Dlí um Chosaint Sonraí

Is de réir an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí agus an Achta um Chosaint Sonraí 2018 a dhéanfaidh Ollscoil Mhá Nuad próiseáil ar aon sonraí phearsanta a chuirfidh tú ar fáil i dtaca d'iarratas ar an ról seo.

Má éiríonn le d'iarratas, agus má ghlacann tú le tairiscint fostaíochta in Ollscoil Mhá Nuad, is amhlaidh a leanfar de bheith ag próiseáil do shonraí pearsanta de réir Fhógra um Phríobháideacht Sonraí Fhoireann Ollscoil Mhá Nuad.

Tuarastal

Oifigeach Riaracháin I

€48,331 - €68,915 pa (9 bpointe)

Dóibh siúd a chuaigh isteach in earnáil phoiblí na hÉireann roimh 06/04/95, is iad rátaí tuarastail Rang D a bheidh i bhfeidhm.

* Mura bhfuil taithí ag an duine a cheapfar san earnáil phoiblí, is ar Phointe 1 ar an scála a thosóidh sé/sí. Is féidir leis an ráta tuarastail athrú ó am go ham de réir mar a éilíonn polasaí an rialtais. Is conradh trí bliana é seo agus cúig lá oibre sa tseachtain a bheidh á ndéanamh ag an té a cheapfar.

Iarratais

Dáta deiridh iarratais:

11.30pm **Dé hAoine, 16 Lúnasa 2019**

Tabhair faoi deara go gcaithfidh gach iarratas a dhéanamh ar an **Tairseach Earcaíochta Ar Líne** ag an nasc seo: <https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/vacancies>

Ní mór iarratais a chur isteach faoin dáta agus faoin am deiridh atá sonraithe thuas. Iarratas ar bith a bheadh fós ar siúl ag am scoir ar an dáta deiridh thuasluaite, is amhlaidh a chuirfidh an córas ar ceal é go huathoibríoch.

Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.

Is fostóir comhdheiseanna í Ollscoil Mhá Nuad

Tá an post seo faoi réir Reachtanna na hOllscoile

